# Dornálaíocht

Eochairfhocail: dornálaíocht, dornálaí, trom-mheáchan, comórtas, tarraingt, caighdeán

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén gaisce ollmhór a rinne Clíona D'arcy trí bliana ó shin?
2. Cad a rinne Clíona nuair a sheas sí siar ón dornálaíocht ar feadh cúpla bliain?
3. Cad as di?
4. Cén rannóg ó thaobh meáchain de ina bhfuil sí?
5. Cad leis a bhfuil Clíona ag súil go mór anois?
6. Cén saghas caighdeáin a bhaineann leis na comórtais atá ag teacht aníos, dar le Clíona?
7. Ainmnigh dhá thír as a dtagann na dornálaithe ar throid Clíona ina gcoinne le cúpla seachtain anuas?
8. Cathain a dhéanfar an tarraingt don chomórtas?
9. Cén chathair ina mbeidh an comórtas ar siúl?
10. An dtaitníonn an dornálaíocht leat mar spórt? Cén fáth?




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**líon na bearnaí**

**Sasana, ama, bhliain, bhrúidiúil, lámhainní, ársa, léig, Oilimpeacha, aonair, dornálaíocht**

Is spórt ársa í an__________. Téann sé siar chomh fada le sibhialtachtaí _____ cosúil leis na hÉigiptigh. Chuir na Gréigigh an spórt ar bhonn foirmiúil agus glacadh leis an spórt mar chuid de Chluichí _____________ na Sean-Ghréige sa bhliain 688 roimh Chríost. Ansin, chuaigh an spórt i ____ go mór san Eoraip ar feadh na gcéadta bliain go dtí gur tháinig sé chun cinn arís i __________ sa seachtú agus san ochtú haois déag. Trodaíocht dhorn-nochta a bhí sa dornálaíocht an uair sin agus ba _________ an spórt é. Tháinig forbairt mhór ar an spórt nuair a cuireadh Rialacha Queensbury i bhfeidhm sa _______ 1867. Anois, den chéad uair, bhí ar na dornálaithe _____________ dornálaíochta a chaitheamh agus cuireadh babhtaí le srianta ____ ag baint leo i bhfeidhm chomh maith. Tá an dornálaíocht imithe ó neart go neart ó shin agus anois tá an dornálaíocht ar cheann de na spóirt _______ is mó ar domhan.

## Gníomhaíocht Labhartha

**Is spórt conspóideach í an dornálaíocht, dar le han-chuid daoine. Ag obair le do phairtí ranga déanaigí plé ar an dornálaíocht mar spórt. Labhraigí lena chéile faoi ghnéithe dearfacha agus diúltacha an spóirt. Cabhróidh an foclóir seo a leanas libh.**

- féinsmacht
- aclaíocht mhaith
- ag éirí níos láidre
- buillí móra
- comhtholgadh
- drochghortuithe
- an cró dornálaíochta
- meas ar do chéile comhraic
- féinchosaint
- scileanna corpartha
- lúfaireacht
- ardluas

# Freagraí

1. Bhuaigh sí bonn óir ag na Craobhacha Eorpacha agus ag na Craobhacha Domhanda
2. Dhírigh sí isteach ar chúrsaí oideachais agus ollscolaíochta
3. Deisceart na Gaillimhe
4. Trom-mheáchan
5. Le bheith ar ais i ngeansaí na hÉireann agus ag troid ar son na hÉireann thar lear
6. Ardchaighdeán
7. An Ungáir, an Rúis agus Sasana
8. Dé Sathairn
9. Búdaipeist na hUngáire

Is spórt ársa í an dornálaíocht. Téann sé siar chomh fada le sibhialtachtaí ársa cosúil leis na hÉigiptigh. Chuir na Gréigigh an spórt ar bhonn foirmiúil agus glacadh leis an spórt mar chuid de Chluichí Oilimpeacha na Sean-Ghréige sa bhliain 688 roimh Chríost. Ansin, chuaigh an spórt i léig go mór san Eoraip ar feadh na gcéadta bliain go dtí gur tháinig sé chun cinn arís i Sasana sa seachtú agus san ochtú haois déag. Trodaíocht dhorn-nochta a bhí sa dornálaíocht an uair sin agus ba bhrúidiúil an spórt é. Tháinig forbairt mhór ar an spórt nuair a cuireadh Rialacha Queensbury i bhfeidhm sa bhliain 1867. Anois, den chéad uair, bhí ar na dornálaithe lámhainní dornálaíochta a chaitheamh agus cuireadh babhtaí le srianta ama ag baint leo i bhfeidhm chomh maith. Tá an dornálaíocht imithe ó neart go neart ó shin agus anois tá an dornálaíocht ar cheann de na spóirt aonair is mó ar domhan.